Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

Uimhir Iarrthóra

General Certificate of Secondary Education
2024

Staidéar Gnó

Aonad 2

Gnólacht a Fhorbairt

[GBU21]

GBU21

DÉ CÉADAOIN 5 MEITHEAMH, IARNÓIN

AM

1 uair 30 nóiméad.

TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.
Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach ná ar leathanaigh bhána.
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **trí** cheist.

EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 90 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **2(f)** agus **2(g)**.

14145.05

20GBU2101

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

14145.05

20GBU2102

1 **(a)** Comhlánaigh na spásanna bána uilig:

Is ionann earcaíocht agus an próiseas a bhaineann le hoibrithe a earcú faoi choinne post ar leith. Déantar sraith doiciméad a dhréachtú le cuidiú leis an phróiseas.

Sainmhíníonn **(i)** _____ príomhdhualgais agus príomhfhreagrachtaí an phoist, ach sainaithníonn **(ii)** _____ an t-iarratasóir idéalach don phost i dtéarmaí buanna, scileanna agus taithí.

Is féidir earcaíocht a dhéanamh ach an post a fhógairt laistigh den ghnólacht agus tugtar earcaíocht inmheánach air seo agus i measc na modhanna tá **(iii)** _____ agus **(iv)** _____ .

Tugtar earcaíocht **(v)** _____ ar fhógraíocht lasmuigh den ghnólacht agus i measc na modhanna tá **(vi)** _____ agus **(vii)** _____ .

[7]

[Tiontaigh an leathanach

Is sraith mhór náisiúnta d'ionaid gharraíodóireachta é *IvyLeague plc* (cpt) atá suite ar fud na RA agus na hÉireann. Tá sé ag iarraidh roinnt Cinn Roinne a earcú agus tá sé ag smaoineamh ar earcaíocht inmheánach a úsáid leis na poist a líonadh.

(b) Cuir síos ar **aon bhuntáiste amháin** agus ar **aon mhíbhuntáiste amháin** a bhaineann le *IvyLeague plc* (cpt) ag úsáid earcaíocht inmheánach.

Buntáiste _____

_____

_____

_____ [2]

Míbhuntáiste _____

_____

_____

_____ [2]

(c) **(i)** Liostaigh **dhá** rialúchán dhlíthiúla san earcaíocht a mbeidh ar *IvyLeague plc* (cpt) smaoineamh orthu.

1. _____ [1]

2. _____ [1]

(ii) Mínigh **dhá** ról de chuid an Choimisiúin Comhionannais maidir le hearcaíocht.

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [4]

[Tiontaigh an leathanach

Nuair a roghnaítear iarratasóir rathúil, tabharfar Conradh Fostaíochta dó.

(d) **(i)** Taobh istigh de cá mhéad seachtain ó chuirtear tús le post ba cheart Conradh Fostaíochta a eisiúint?

_____ [1]

(ii) Liostaigh **aon** sonra **amháin** ba cheart a bheith le feiceáil sa Chonradh Fostaíochta.

_____ [1]

(iii) Mínigh an cuspóir atá le Conradh Fostaíochta.

_____

_____

_____

_____ [2]

(e) Mínigh **aon** fháth **amháin** ar ghá do *IvyLeague plc* (cpt) oiliúint foirne a dhéanamh.

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [3]

Tá cineálacha difriúla d'oiliúint ann d'fhostaithe. Úsáideann *IvyLeague plc* (cpt) oiliúint is féidir a chur ar fáil ag áit oibre an fhostaí le linn gnáthuaireanta oibre.

(f) Sainaithin agus déan luacháil ar an chineál seo oiliúna.

Cineál oiliúna _____ [1]

Luacháil

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [5]

[Tiontaigh an leathanach

2 D'fhás *IvyLeague plc* (cpt) go gasta le roinnt bheag blianta anuas, trí athinfheistíocht bhrabúis, díolacháin mhéadaithe agus leathnú ar raon táirgí.

(a) Seachas brabúis mhéadaithe, liostaigh **aon** chomhartha ratha **amháin** eile do *IvyLeague plc* (cpt).

_____ [1]

(b) Sainaithin agus déan cur síos ar an chineál seo fáis.

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [3]

(c) Sainaithin agus déan cur síos ar **aon** chineál **amháin** eile fáis arbh fhéidir le *IvyLeague plc* (cpt) é a úsáid leis an ghnólacht a fhás.

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [3]

(d) Pléigh **dhá** thoisc arbh fhéidir leo fás *IvyLeague plc* (cpt) a theorannú.

Toisc 1 _____

_____

_____

_____ [2]

Toisc 2 _____

_____

_____

_____ [2]

(e) Tá *IvyLeague plc* (cpt) ag smaoineamh ar chumasc a dhéanamh le sraith eile d'ionaid gharraíodóireachta.

Déan luacháil ar chumasc mar mhodh fáis.

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [5]

[Tiontaigh an leathanach

(f) Mínigh **dhá** ról de chuid an *Competition and Markets Authority* maidir le fás.

[6]

(g) Déan anailís ar **dhá** mhíbhuntáiste d'fhás do *IvyLeague plc* (cpt).

[8]

[Tiontaigh an leathanach

3 **(a)** Anuraidh, dhíol *IvyLeague plc* (cpt) sócmhainní seasta.

Mínigh **aon** bhuntáiste **amháin** agus **aon** mhíbhuntáiste **amháin** do *IvyLeague plc* (cpt) as seo a úsáid mar fhoinse airgeadais.

Buntáiste _____

_____

_____

_____ [2]

Míbhuntáiste _____

_____

_____

_____ [2]

(b) Déan anailís ar an tábhacht atá le sreabhadh airgid do *IvyLeague plc* (cpt).

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [4]

(c) Mínigh **dhá** fheidhm atá ag *IvyLeague plc* (cpt) le réamhaisnéis sreabhaidh airgid a dhréachtú.

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [4]

[Tiontaigh an leathanach

(d) Déan scrúdú ar an réamhaisnéis sreabhaidh airgid thíos agus comhlánaigh na figiúirí atá ar iarraidh.

Réamhaisnéis sreabhaidh airgid do cheann amháin d'ionaid gharraíodóireachta *IvyLeague plc* (cpt) (tréimhse 6 mhí)

	Eanáir £	Feabhra £	Márta £	Aibreán £	Bealtaine £	Meitheamh £
Iarmhéid tosaigh	21 495	15 310		17 750	–6 400	3 055
Fáltais						
Díolacháin ar airgead síos	22 500	21 430	32 100	37 890	47 800	59 870
Díolacháin chreidmheasa	5 600	4 500	16 500	21 860	25 450	36 210
Iomlán na bhFáltas		41 240	56 545	77 500	66 850	99 135
Íocaíochtaí						
Pá/Tuarastail	21 300	21 300	21 300	21 300		29 800
Ceannacháin	8 890	7 900	13 400	15 005	18 700	19 230
Cíos agus rátaí	2 150	2 150	2 150	2 150	2 150	2 150
Leictreachas	570	570	570	570	570	570
Fón	380	380	380	380	380	380
Trealamh				43 500	15 000	
Árachas	995	995	995	995	995	995
Iomlán na n-íocaíochtaí	34 285	33 295	38 795	83 900	63 795	53 125
Iarmhéid deiridh	15 310	7 945	17 750	–6 400	3 055	

Iomlán na bhfáltas d'Eanáir _____ [1]

Iarmhéid tosaigh do Mhárta _____ [1]

Pá/tuarastail do Bhealtaine _____ [1]

Iarmhéid deiridh do Mheitheamh _____ [1]

14145.05

(e) Déan trácht ar a insíonn an réamhaisnéis sreabhaidh airgid duit faoi fheidhmíocht ionchais an ghnólachta.

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [4]

(f) Agus samplaí in úsáid agat, mínigh an difríocht idir costais sheasta agus costais athraitheacha.

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [4]

[Tiontaigh an leathanach

(g) Scrúdaigh an fhaisnéis seo a leanas agus bain úsáid aisti leis an phointe cóimheá a ríomh do bhearbaiciú nua atá an gnólacht ag díol faoi láthair.

Costais sheasta	£25 000
Praghas díola	£149
Costais athraitheacha (an t-aonad)	£99

Úsáid an fhoirmle:	Taispeáin do chuid áireamh:
$\dfrac{\textbf{Costais sheasta}}{\textbf{Praghas díola – Costais athraitheacha}}$	

[3]

(h) San am i láthair, díolann sé 567 bearbaiciú sa mhí.

Ríomh an lamháil sábháilteachta agus mínigh an tábhacht atá léi don ghnólacht.

Lamháil sábháilteachta _____

Tábhacht

_____

_____

_____

_____

_____

_____ [3]

SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

14145.05

20GBU2117

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

14145.05

20GBU2118

LEATHANACH BÁN

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

14145.05

20GBU2119

NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
Marc Iomlán	

Uimhir Scrúdaitheora

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

14145.05/2